# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009


## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A.**



**PICTIÚR B.**

*Ceannteideal:*
SLÉACHT GAN TRÓCAIRE déanta ag buíon ón 29ú Reisimint de chuid Arm na Breataine ar Shráid an Rí, Bostún ar an 5ú Márta



**PICTIÚR C.**



**[Thall**

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

**Tá Seán Harling, ball d' Arm na Poblachta, ag caint faoin a chumhní cinn ar Chogadh na Saoirse 1919-1921.**

"Thug Mick treoracha dom gan gunna a thabhairt liom riamh, ach an mhaidin seo bhí Webley (gunna) im sheilbh agus mé ag teacht síos Sráid an Mhóta i dtram agus go tobann chonaic mé go raibh saighdiúirí ag stopadh na tráchta níos faide ar aghaidh agus d'fhéach mé taobh thiar agus bhí an trácht á stopadh freisin ansin. Mar sin léim mé den tram agus chuaigh mé isteach i Sráid Holles ... bhí an cailín seo ina seasamh ag doras amháin agus shiúl mé suas chuici.

'Good morning,' arsa mise. 'Good morning,' a d'fhreagair sise. Agus arsa mise léi, 'tá gunna agam agus teastaíonn uaim é a chur i bhfolach ar feadh tamaill.' 'Siúl leat anáirde staighre,' a dúirt sí. Tigh tionóntáin ba ea é agus bhí a máthair ina suí cois tine agus dúirt an cailín, 'Seo é Jim, a Mham.' Ní raibh a fhios ag an gcailín an Jim nó John mé nó cén t-ainm a bhí orm mar nár bhuail sí riamh liom roimhe sin. 'Fáilte romhat a Jim,' arsa an mháthair agus thóg an cailín an gunna agus chuir sí i bhfolach é. Chuaigh mé ar ais an lá dár gcionn agus fuair mé ar ais uaithi é, agus ní fhaca mé an cailín riamh ó shin."

### DOICIMÉAD 2.

**Sliocht is ea é seo as cuntas a scríobh Aodh Ó Ceallacháin ar a óige in Ard Eoghain i mBéal Feirste sna 1930idí.**

Ní raibh mórán deiseanna ann do na teaghlaigh Chaitliceacha, agus ba ghnáthach go mbíodh na fir sa chlann ag obair as baile, i Sasana nó i Meiriceá. Ba bheag duine díobh gur éirigh leis bochtanas na dí-fhostaíochta a sheachaint, é sin agus an streachailt a bhain le clann mhór a thógáil. Chaith mé mo chuid ama ar nós na bpáistí go léir in Ard Eoghain, amuigh ag imirt ar na sráideanna agus gan aon ní imeartha againn ach liathróid. Uaireanta fada againn ag imirt sacair ar an tsráid lasmuigh dár dtithe agus gan teorainn ar bith lenár spraoi. Ghlaodh ár máthracha isteach orainn ó am go ham le haghaidh béilí. ... Dá mbeadh an t-ádh linn nuair a d'fhágaimis an scoil, go mbeadh obair le fáil againn sna muilte mar oibrithe neamh-oilte.

Sna laethanta tosaigh i Sráid Butler bhí cónaí orainn i seomra amháin i dteach lochtáin. Bhí gach seomra sa teach ar cíos ag clann difriúil. Faoin am a rugadh mo dheartháir ab óige, Nollaig, sa bhliain 1939, bhíomar ábalta teach iomlán a thógáil ar cíos.

Páistí as teaghlaigh bhochta, sé sin daoine a mbíodh clann mhór acu cosúil linne, d'fhaighmis béilí scoile saor in aisce … bhíodh orainn príomh-bhéile an lae a bheith againn sa scoil áitiúil Phrotastúnach. Gach lá théinn in éineacht le cúpla páiste eile go dtí an scoil Phrotastúnach chun an béile ab fhearr sa lá a fháil … bhínn ag tnúth go mór leis an mbéile sin. Caitheadh go maith linn agus bhíodh siad an-chineálta linn.

Chuireadh an cócaire fáilte rómhainn ag an doras agus dhéanadh sí cúram ar leith de go mbíodh ár ndóthain len ithe againn. Alfie Gardner, airíoch na scoile, chuireadh seisean fáilte romhainn i gcónaí agus threoraíodh sé isteach sinn leis an líne, 'Suígí síos agus glanaigí na plátaí'. Leagadh sé basóg ar mo cheann agus dhéaradh sé, 'An bhfuil tú cinnte go raibh do dhóthain agat?' 'Cinnte, a dhuine uasail. Go raibh maith agat, a dhuine uasail,' an freagra a bhíodh agam dó, agus mé fíor-bhuíoch don bhéile breá.

Blianta ina dhiaidh sin bhí mé ag léamh leabhar faoi chúrsaí peile agus d'aithin mé pictiúr Alfie. Fuair mé amach gurb é an cúlbáire é don fhoireann áitiúil, Cliftonville, chomh maith le bheith ina chúlbáire d'Éirinn. Bhí an-mheas agam air cheana féin ach dá bharr sin ba mhó go mór mo mheas air ina dhiaidh sin.